www.gaelscoilnamara.ie
Gaelscoil na Mara
Domhnach Bat
Co Átha Cliath
K36WT02
Uimhir Rolla: 20530R
Uimhir Guthán: 01 8435197
oifig@gaelscoilnamara.ie

Polasaí & Plean Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla Gaelscoil na Mara

- **Réamhrá**

Féadfadh eachtra trámach tarlúint ar scoil am ar bith. Mar gheall air seo, tá Foireann Bhainistíochta do Theagmhais Chriticiúla (FBTC) bunaithe again a ghlacann freagracht as an bpolasaí a chur le chéile agus as Plean Bainistíochta ar Theagmhais Chriticiúla (PBTC) a chur i bhfeidhm. Déantar leas na ndaltaí agus na foirne a chosaint trí atmaisféar sábháilte agus cothaitheach a chruthú agus a chothú. Tá an Bord Bainistíochta, tríd an bPríomhoide, tar éis an Plean Bainistíochta ar Theagmhais Chriticiúla (PBTC) a dhréachtadh mar ghné amháin de pholasaithe agus de phleananna na scoile. Déanann an Fhoireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla (FBTC) stiúradh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an pholasaí.

- **Sainmhíniú**

Is teagmhas criticiúil é teagmhas a sháraíonn gnáthmheicníochtaí déileála na scoile agus a chuireann isteach ar rith na scoile. Féadfadh teagmhas criticiúil a bheith ag baint le dalta amháin nó níos mó, le baill foirne nó le baill an phobail. Braitheann an plean a chuirtear I bhfeidhm go mór ar na cúinsí aonair a bhaineanna leis an teagmhas. Seo leanas roinnt rudaí a chuirfeadh isteach ar rith na scoile:

- Cailleadh duine de phobal na scoile trí bhás tobann, foiréigean, timpiste nó féinmharú
- Briseadh isteach sa scoil
- Timpiste ag baint le daltaí nó baill foirne ag an scoil nó lasmuigh di

- Dochar tromchúiseach d'fhoirgneamh na scoile de bharr dóiteáin/ tuillte/ creachadóireacht
- Duine de phobal na scoile ag dul ar iarraidh
- Timpiste / tragóid sa phobal máguaird

- **Aidhm**

Is í an aidhm atá leis an bPlean Bainistíochta ar Theagmhais Chriticiúla (PBTC) ná treoir a thabhairt do bhainistíocht scoile agus don fhoireann chun dul i ngleic le heachtra go tapaidh agus go héifeachtach, chun smacht a choinneáil ar an suíomh agus chun cinntiú go bhfuil an tacaíocht chuí curtha ar fáil do dhaltaí agus don fhoireann. Tá sprioc sa pholasaí freisin go ndéanfar a laghad cur isteach ar dhaltaí agus ar fhoireann agus is féidir. Ba chóir go bhfillfidh ar ghnáthrith na scoile chomh luath agus is féidir.

- **Cruthú sainmheoin tacúil & cothaitheach ar scoil**

Tá córais ar bun againn chun athléimneacht a chur chun cinn i measc na ndaltaí agus na foirne, á n-ullmhú chun deileáil le réimse eachtraí saoil dá bharr. I measc na gcláracha sin, tá beartais ann chun sábháilteacht fhisiciúil agus shiceolaíoch phobal na scoile a chinntiú.

- **Sábháilteacht Fhisiciúil**

Mar scoil, déantar chuile iarracht suíomh scoile a chruthú ina gcoinnítear baill foirne agus daltaí chomh sábháilte agus is féidir. Tá deasghnátha atá bainte le Sláinte agus Sábháilteacht go léir luaite sa *Pholasaí Sláinte agus Sábháilteachta* ach seo a leanas na cinn is ábhartha i gcás Theagmhas Criticiúil:

- Plean Aslonnaithe curtha le chéile
- Cleachtadh Aslonnaithe déanta uair gach téarma de réir an Pholasaí Sláinte agus Sábháilteachta
- Déantar seic rialta ar dhoirse aslonnaithe agus ar mhúchtóirí dóiteáin
- Dúntar príomhdhoirse na scoile le linn am scoile
- Gnáthrialacha na scoile mar atá leagtha síos i gCód Iompair na Scoile chun timpeallacht shábháilte a chinntiú do chách. Féach *Cód Iompair*.
- **Sábháilteacht Shiceolaíoch**

Baineann bainistíocht agus foireann na scoile leas as cláracha agus áiseanna éagsúla chun dul i ngleic le forbairt phearsanta agus shóisialta na ndaltaí, chun cur le mothú sábháilteachta agus slándála sa scoil agus chun deiseanna mhacnaimh agus plé a sholáthar.

- Tá Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) mar chuid lárnach d'obair na scoile. Déanfar freastal ar shaincheisteanna mar shampla bás; scileanna cumarsáide, bainistiú feirge agus brú, athléimneacht; bainistiú coimhlinte, réiteach fadhbanna, cabhair á lorg, bulaíocht, tógáil cinntí agus seachaint mhí-úsáid alcóil agus drugaí.
- Cuirtear traenáil ar fáil do fhoireann ar OSPS
- Tá an fhoireann eolach ar na Treoirlínte um Chosaint Leanaí agus aithne acu ar an Teagmhálaí Ainmnithe (TA)
- Tá leabhair agus áiseanna eile ar fáil faoi dheacrachtaí a bhí ag daltaí bunscoile
- Cuirtear eolas ar fáil faoin meabharshláinte go ginearálta agus faoi shaingnéithe ar nós comharthaí dúlagar agus buartha. Tá an clár *Friends for Life* curtha i gcrích ag cuid baill foirne mar gheall air seo.
- Tá naisc cruthaithe ag an scoil le gníomhaireachtaí lasmuigh m.sh. Community Care, NEPS, CAMHS, Tusla
- Tugann aoichainteoirí cainteanna maidir le sábháilteacht na ndaltaí &rl.
- Tá Polasaí Frithbhulaíochta ag an scoil agus déantar cásanna bulaíochta a phlé de réir an bheartais seo
- Tá córas cúraim i bhfeidhm sa scoil ag baint leasa as an múnla "Contanam Tacaíochta"
- Má cheaptar go bhfuil dalta i mbaol, cuirtear in iúl é don TA. Déantar fiosrú ar na buairteanna agus cuirtear an tacaíocht agus an chabhair chuí ar fáil. Cuirtear an scéal faoi bhráid na dtuismitheoirí/caomhnóirí agus cuirtear an t-eolas ar aghaidh chuig an ngníomhaireacht chuí nuair is gá.
- Coinnítear baill foirne ar an eolas faoin tacaíocht atá ar fáil dóibh e.g. Carecall

- **Foireann Bhainistíochta do Theagmhais Chriticiúla (FBTC)**

Ag cloí le deasghnátha molta, bunaíodh FBTC. Roghnaíodh baill foirne ar bhonn deonach agus fanann siad ar an bhfoirean ar feadh bliana ar a laghad. Buaifidh na baill foirne go bliantúil chun athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar an bpolasaí seo. Tá fillteán faoi leith ag gach ball den FBTC ina n-áirítear na nithe seo a leanas: cóip den Polasaí agus Plean Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla, pleananna cuí agus acmhainní dá ról féin agus liosta reatha teagmháltaithe.

- **Rólanna**
- Bainisteoir Foirne
- Idirghabhálaí leis na Gardaí
- Idirghabhálaí Foirne
- Idirghabhálaí leis na Daltaí
- Idirghabhálaí leis an bPobal
- Idirghabhálaí le Tuismitheoirí/caomhnóirí
- Idirghabhálaí leis na Meáin

- Riarthóir

- *Bainisteoir Foirne*

Seo an té le húdarás agus a ghlacann cinntí i rith theagmhais m.sh. dúnadh na scoile, freastal ar shocraid srl.
Déanfaidh siad:

- an Fhoireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla (FBTC) a chur ar an eolas faoin teagmhas agus cruinniú a eagrú
- tascanna na foirne a stiúradh
- idirchaidreamh leis an mBord Bainistíochta; ROS; NEPS nó FSS
- idirchaidreamh leis an gclann méalaithe

Glacfaidh an Príomhoide Tánaisteach an ról seo muna mbeidh an Príomhoide ar fáil.

- *Idirghabhálaí leis na Gardaí*

Féadfaidh an bainisteoir foirne an ról seo a ghlacadh.
Déanfaidh an t-Idirghabhálaí leis na Gardaí

- idirchaidreamh leis na Gardaí
- cinnte go bhfuil na firící faoi mbás nó sonraí eile cruinn sular roinntear é.
- *Idirghabhálaí Foirne*

Seo ball foirne a bhfuil aithne ag cách orthu agus muinín acu astu.
Déanfadh an t-Idirghabhálaí Foirne:

- cruinnithe don fhoireann chun eolas a roinnt a eagrú; deis a thabhairt do bhaill foirne a gcuid mothúcháin a nochtadh agus ceisteanna a chur
- comhairle a chur ar an bhfoireann maidir le haithint daltaí
- acmhainní a chur ar fáil do bhaill foirne (ón bhfillteán Theagmhas Criticiúil)
- an fhoireann a choinneáil ar an eolas i rith an lae
- cinnte go bhfuil siad aireach faoi bhaill foirne a bheadh leochaileach agus teagmháil a dhéanamh leo
- comhairle a chur ar an bhfoireann maidir le tacaíocht phearsanta dóibh féin m.sh. Carecall
- *Idirghabhálaí leis na Daltaí*

Seo ball foirne go bhfuil aithne ag cách orthu agus muinín acu astu.
Déanfaidh an t-Idirghabhálaí leis na Daltaí:

- baill foirne a chur ar an eolas maidir le daltaí leochaileacha
- acmhainní a chur ar fáil do bhaill foirne (ón bhfillteán Theagmhas Criticiúil)

- tuairiscí a choinneáil ar dhaltaí leochaileacha (R1)
- cinnte go bhfuil “seomra ciúin” ar fáil nuair is gá leis
- *Idirghabhálaí leis an bPobal*

Seo duine le naisc mhaithe phobail agus eolas maith acu faoi ghníomhaireachtaí áitiúla.
Déanfaidh an t-Idirghabhálaí leis an bPobal:

- liosta reatha d’uimhreacha teagmhála a choinneáil – Coiste na dTuismitheoirí, seirbhísí éigeandála agus acmhainní/áiseanna áitiúla eile
- teagmháil le gníomhaireachtaí áitiúla maidir le tacaíocht leanúnach
- deimhniú go bhfuil grinnfhiosrúchán cuí déanta ar dhaoine tacaíochta ón bpobal
- comhoibriú idir ghníomhaireachtaí éagsúla a stiúradh
- deimhniú go bhfuil lipéid ainmneacha ar chuairteoirí chun na scoile
- an Fhoireann Bainistíochta a choinneáil suas chun dáta maidir le tacaíocht ón taobh amuigh atá á soláthar
- *Idirghabhálaí le Tuismitheoirí*

Duine atá so-aitheanta do thuismitheoirí na scoile. Ba chóir don té seo a bheith compordach ag labhairt le slua daoine agus in ann bainistíocht a dhéanamh ar mhothúcháin nó ar fhrithfhreagairtí mothúchánacha ó dhaoine aonair, nó ó slua.
Déanfaidh an t-Idirghabhálaí le Tuismitheoirí:

- cuairt a thabhairt ar an gclann méalaithe
- stiúradh ar chruinnithe le tuismitheoirí, más ann dóibh
- na cruinnithe sin a bhainistiú agus seisiúin “ceist agus freagra” a éascú
- bainistiú ar chúrsaí “ceada” de réir pholasaí na scoile
- cinnte go bhfuil litreacha réidh ar chóras na scoile chun sonraí cuí a líonadh iontu
- seomra a eagrú do chruinnithe le tuismitheoirí
- taifead a choinneáil ar chruinnithe le tuismitheoirí
- bualadh le tuismitheoirí duine go duine
- acmhainní a chur ar fáil do bhaill foirne (ón bhfillteán Theagmhas Criticiúil)
- *Idirghabhálaí leis na Meáin Chumarsáide*

Duine le scileanna maithe idirphearsanta a bheidh cumasach ag labhairt leis na meáin go pearsanta nó ar an nguthán. Duine atá in ann teorainn a leagadh síos gan aon mhaslú.
Déanfadh an t-Idirghabhálaí leis na Meáin:

- macnamh ar nithe gur féidir leo éirí as eachtra, sula dtugtar faoi gníomh, m.sh. agallamh a chur ar dhaltaí, grianghrafadóirí ar an láthair, srl.
- i gcás éigeandála, idirghábháil leis na ceardchumainn chuí srl. más gá

- preasráiteas a ullmhú, cruinnithe eolais a reachtáil leis na meáin, agallaimh a thabhairt thar cheann na scoile
- *Riarthóir*

Tá an riarthóir freagrach as:

- liostaí reatha d'uimhreacha gutháin a choinneáil do
    - thuismitheoirí/chaomhnóirí
    - mhúinteoirí
    - sheirbhísí éigeandála
- glacadh le glaonna gutháin agus freagraí a thabhairt ar ghlaonna a chaillteár
- cinnte a dhéanamh de go bhfuil bunchóip na gcáipéisí ar fáil go héasca ar chóras ríomhaireachta na scoile
- litreacha agus ríomhphoist a chur amach
- cóipeáil a dhéanamh ar áiseanna
- taifead a choinneáil

- **Taifead a Choinneáil**

I gcás eachtra, coinníonn gach ball den fhoireann taifead ar ghlaonna gutháin faighte agus curtha, litreacha faighte agus curtha, cruinnithe a reachtáltar, daoine ar bualadh leo, tacaíochtaí úsáidte, áiseanna úsáidte srl. Beidh ról lárnach ag rúnaí na scoile san obair thaifeadta seo.

- **Rúndacht & Dea-cháil**

Tá dualgas ar bhainistíochta agus ar fhoireann na scoile príobháideacht agus dea-cháil gach duine a bhfuil baint acu le heachtra ar bith a chosaint agus is gá a bheith airdeallach ar thionchar ráitis phoiblí. Cuimhneoidh an fhoireann air seo agus déanfar gach iarracht an rud céanna a dhéanamh i measc na ndaltaí. Mar shampla, ní úsáidfear an téarma "féinmharú" seachas sa chás go bhfuil fianaise chinnte ann gurb í sin ba chúis leis an mbás agus go dtugann an chlann áirithe cead an téarma sin a úsáid. Féadfaidh na téarmaí "bás tobann" nó "bás tragóideach" a úsáid ina áit. Mar an gcéanna, ní chóir an focal "dúnmharú" a úsáid go dtí go gcruthaítear sa dlí gurbh é sin a tharla. Is féidir an téarma "bás foréigeanach" a úsáid ina áit.

- **Seomraí do Theamhais Chriticiúla**

I gcás theagmhas chriticiúil, úsáidfear na seomraí seo a leanas:

- Seomra foirne do chruinnithe leis an bhfoireann
- Seomraí ranga do chruinnithe le daltaí
- Rang a Dó d'ollchruinnithe le tuismitheoirí, seomra foirne do ghrúpaí beaga tuismitheoirí

- Oifig an Phríomhoide do chruinnithe leis na meáin chumarsáide
- Seomraí tacaíochta do chruinnithe le daltaí aonair
- Seomraí tacaíochta do chruinnithe le cuairteoirí eile

- **Comhairliúchán & Cumarsáid maidir leis an bPlean**

Deineadh comhairliúchán le baill uile na foirne maidir le cur le chéile an pholasaí agus an phlean seo. Bhí ionadaithe na dtuismitheoirí bainteach leis an bpróiséas seo chomh maith.
Tá an Polasaí agus an Plean seo curtha faoi bhráid gach ball foirne.
Tá cóip phearsanta den pholasaí ag gach ball den Fhoireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla.
Cuirfidh an Príomhoide gach ball foirne nua ar an eolas faoin bpolasaí seo.
Déanfar an polasaí agus an plean seo a athbhreithniú gach bliain agus cuirfear faoi bhráid an Bhoird go bliantúil é.

Sínithe:

Seán Ó Laighléis — Deirdre Ní Mhaicín

_____ _____

Cathaoirleach ***Príomhoide***

Dáta: _24_ / 10_ / _2023 24_ / 10_ / _2023_